Cuntas Leithreasa 2021

# Vóta 28

# Gnóthaí Eachtracha

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 28, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Gnóthaí Eachtracha agus ar sheirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, lena n-áirítear deontais agus ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €21.579 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 5.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntas leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Sócmhainní caipitil***

Tá luach seilbhe na talún agus na bhfoirgneamh atá san áireamh i ráiteas na sócmhainní caipitil bunaithe ar luachálacha tréimhsiúla, agus breiseanna le talamh agus foirgnimh agus feabhsuithe ar thalamh agus foirgnimh ina dhiaidh sin á n-iompar de réir costais.

Is é an modh athluachála a úsáidtear an luach margaidh reatha bunaithe ar chúinsí an mhargaidh áitiúil.

***Dímheas***

Déantar dímheas a ríomh ar bhonn bliantúil chun críocha an chuntais seo.

Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas.

***Idirbhearta malairte eachtraí***

Aistrítear idirbhearta a dhéantar in airgeadraí eachtracha go Euro ag ráta malairte an mhargaidh atá i réim ag tús gach míosa. Déantar idirbhearta malairte eachtraí a dhéanann an cheanncheathrú a thaifeadadh ag an ráta ag an dáta a glanadh an t-idirbheart.

***Speansais fhabhraithe, réamhíocaíochtaí agus ceangaltais ag misin taidhleoireachta***

Ní áirítear le speansais fhabhraithe, réamhíocaíochtaí ná ceangaltais aon suimeanna maidir le misin taidhleoireachta na Roinne seachas iad siúd a bhaineann le réadmhaoin ar cíos.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil leis an bhfeidhm párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm. Áirítear ann na nithe seo a leanas ach go háirithe:

- déantar dualgais a dheighilt agus tá córas tarmligin agus cuntasachta ann
- tá córas buiséadaithe cuí ann, le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht
- déanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna bliantúla na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá próiseas foirmeálta i bhfeidhm chun gníomh leantach a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí ó thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

De bharr phaindéim Covid-19, lean foireann an Aonaid Iniúchóireachta agus Meastóireachta uirthi ag obair ó chian i rith na bliana. Cuireadh an comhthéacs sin san áireamh i bplean oibre an Aonaid don bhliain, rud ar cheadaigh an Bord Bainistíochta é (agus ar chomhaontaigh an Coiste Iniúchóireachta é) agus ar cuireadh i bhfeidhm é de réir mar a bhí beartaithe. Cuireadh arís eile sa phlean béim níos mó ar obair chomhairleach gnó i bhfíor-am.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás seacht gconradh (2020: naoi gcinn) (sa bhreis ar €25,000 gan CBL san áireamh), a raibh luach iomlán €1,326,926 orthu (2020: €1,016,608)

- Cuireadh síneadh le conradh glantacháin tráchtála ar feadh tréimhse níos faide ná dáta bunaidh an chonartha gan próiseas iomaíoch le linn don Oifig um Sholáthar Rialtais socruithe athbhreithnithe a chur i bhfeidhm (€614,736). Tugadh próiseas tairisceana de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais do na conarthaí sin chun críche i mí na Nollag 2021 agus tá gach ceann de na trí chonradh iomaíoch agus comhlíontach anois.
- Dámhadh dhá chonradh roimhe sin faoi phróiseas tairisceana iomaíoch ach fadaíodh iad de bharr ráig Covid-19 (€432,147). Lorgófar tairiscintí i leith na gconarthaí sin le linn na bliana 2022.
- Fuarthas conradh amháin de bharr ráig Covid-19 agus chun leanúint le seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil le linn chéimeanna éagsúla na paindéime (€254,122).
- Bhí conradh amháin ann a dámhadh roimhe sin do sheirbhísí fón póca do mhisean ach sháraigh siad na teorainneacha cuí lenar ceanglaíodh próiseas iomaíoch a thionól (€25,922). Lorgófar tairiscintí i leith an chonartha sin le linn na bliana 2022.

Tá sonraí tugtha ag an Roinn ar chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Comhlíonadh cánach an mhisin***

Is é polasaí na Roinne na hoibleagáidí áitiúla cánach agus árachais shóisialaigh sna háiteanna ina mbíonn misin lonnaithe a chomhlíonadh. Déanann an Rannán Acmhainní Daonna agus an Rannán Airgeadais oibleagáidí cánach na dtíortha óstacha a athbhreithniú ar bhonn leanúnach trí athbhreithniú deisce ó fhoirne ag an gceanncheathrú agus trí chuairteanna misin rialta. Chomh maith leis sin, áirítear athbhreithniú ar chomhlíonadh cánacha áitiúla in athbhreithniú iniúchóireachta inmheánaí gach misin i bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne. Soláthraíonn an Roinn oiliúint ar rialacha cánach áitiúla mar chuid dá clár oiliúna do bhaill foirne sula dtéann siad ar phostuithe thar lear freisin.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an gclár agus é a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, mionsonraítear na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith. Déanann an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta athbhreithnithe tréimhsiúla chomh maith ar chóras bainistíochta riosca na Roinne mar chuid dá phlean ilbhliantúil iniúchóireachta inmheánaí.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl in am trátha dóibh sin atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2021 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

***Saincheisteanna rialaithe phaindéim Covid-19***

Tugadh faoi mheasúnachtaí ar thionchar phaindéim Covid-19 in Éirinn agus i misin thar lear.

Ó thús ghéarchéim Covid-19 in 2020, táim ag déanamh monatóireacht ghéar ar na rioscaí a bhaineann leis an bpaindéim, rioscaí a imríonn tionchar ar oibriú na Roinne in Éirinn agus inár misin thar lear. Rinneadh athbhreithniú ar na nósanna imeachta oibriúcháin in 2020 i gcomhar leis an mBord Bainistíochta chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus cuireadh nósanna imeachta in oiriúint do shocruithe cianoibre. Bhí feidhm leis na nósanna imeachta leasaithe sin fós i rith 2021 de réir mar a coinníodh na socruithe cianoibre le linn 2021 ar fad. Cé go raibh tionchar diúltach ag na srianta ar fud an domhain ar roinnt clár agus seirbhísí, tá éileamh níos mó anois ann de bharr na paindéime ar sheirbhísí agus deontais áirithe a chuireann an Roinn ar fáil. Leanann an Roinn de chur chuige freagrúil maidir le saoránaigh na hÉireann a aisdúichiú a ghlacadh atá sáinnithe in áiteanna de bharr athruithe i srianta taistil Covid-19 ar fud an domhain. Áiríodh san athbhreithniú ar nósanna imeachta oibriúcháin bearta riachtanacha a bhunú chun a chinntiú go leanfaí de sheirbhísí riachtanacha a sholáthar, fad a chosnaítear sláinte agus folláine na foirne, agus chun a chinntiú go gcomhlíonfaí srianta ábhartha sna dlínsí ina n-oibríonn an Roinn.

**Joe Hackett**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha

30 Márta 2022

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le Gnóthaí Eachtracha agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile**

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

***Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair***

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2021.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Meitheamh 2022

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

# Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha

## Cuntas Leithreasa 2021

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| A | Freastal ar mhuintir na hÉireann sa bhaile agus thar lear agus an t-athmhuintearas agus an comhar a chur chun cinn ('Ár nDaoine') | 90,806 | 86,562 | 80,756 |
| B | Luachanna agus leasanna na hÉireann san Eoraip a chosaint agus a chur chun cinn ('Ár nIonad san Eoraip') | 36,569 | 34,430 | 32,201 |
| C | A bheith ag obair ar mhaithe le domhan níos cothroime, níos córa, níos sábháilte agus níos inbhuanaithe ('Ár gCuid Luachanna') | 56,349 | 54,928 | 56,288 |
| D | Cur le Rathúnas na hÉireann trínár leasanna geilleagracha a chur chun cinn thar lear ('Ár Rathúnas') | 44,053 | 39,099 | 37,251 |
| E | Neartú a dhéanamh ar ár dtionchar agus ár n-acmhainn chun na spriocanna atá againn a bhaint amach ('Ár dTionchar') | 53,684 | 51,331 | 48,400 |
| **Ollchaiteachas** | | **281,461** | **266,350** | **254,896** |
| | *Lúide* | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **44,701** | **51,169** | **38,264** |
| **Glanchaiteachas** | | **236,760** | **215,181** | **216,632** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Farasbarr le géilleadh** | **21,578,623** | **8,811,952** |

**Joe Hackett**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha

30 Márta 2022

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 72,157 | 68,275 |
| Pá | | 109,160 | 104,510 |
| Neamhphá | | 85,033 | 82,111 |
| **Ollchaiteachas** | | **266,350** | **254,896** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **51,169** | **38,264** |
| **Glanchaiteachas** | | **215,181** | **216,632** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (2,449) | | |
| Diúscairtí airgid thirim | 96 | | |
| Brabús ar dhiúscairtí | (40) | | |
| Dímheas | 2,584 | 191 | 1,891 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 778 | | |
| Laghdú ar réamhíocaíochtaí deiridh | 7,171 | | |
| Laghdú ar stoc | 159 | 8,108 | (6,115) |
| **Caiteachas díreach** | | **223,480** | **212,408** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 24,500 | 24,902 |
| Measchíosanna | | 3,209 | 3,200 |
| **Glanchostas an chláir** | | **251,189** | **240,510** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 28 a iompraíodh in áit eile, glan ar chostais seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile.

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 60 | 60 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 18,233 | 18,771 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 5,263 | 5,347 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 165 | 164 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 159 | 194 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 249 | — |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | | 405 | 382 |
| Costais na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile | | (34) | (16) |
| | | **24,500** | **24,902** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 193,506 | 166,885 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.3 | 11,140 | 11,299 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 7,917 | 15,088 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 7,013 | 7,445 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **26,070** | **33,832** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 1,728 | 3,796 |
| Speansais fhabhraithe | 2.5 | 2,673 | 1,895 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 3,780 | 2,887 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.8 | 1,505 | 762 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **9,686** | **9,340** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 16,384 | 24,492 |
| **Glansócmhainní** | | **209,890** | **191,377** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.9 | **209,890** | **191,377** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh [a] | Mótarfheithiclí | Troscán agus Feistis | Trealamh oifige | Sócmhainní atá á bhforbairt [b, c] | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021 | 159,293 | 2,695 | 8,047 | 62,846 | 1,033 | 233,914 |
| Aistrithe ó shócmhainní atá á bhforbairt | — | — | — | 704 | (704) | — |
| Breiseanna | — | 306 | 73 | 612 | 1,458 | 2,449 |
| Diúscairtí | — | (196) | (476) | (39) | (47) | (758) |
| Coigeartú athluachála [a] | 26,812 | — | — | — | — | 26,812 |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021 | **186,105** | **2,805** | **7,644** | **64,123** | **1,740** | **262,417** |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021 | — | 1,951 | 7,196 | 57,882 | — | 67,029 |
| Dímheas don bhliain | — | 333 | 57 | 2,194 | — | 2,584 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (188) | (476) | (38) | — | (702) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021 | — | 2,096 | 6,777 | 60,038 | — | 68,911 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021** | **186,105** | **709** | **867** | **4,085** | **1,740** | **193,506** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020 | 159,293 | 744 | 851 | 4,964 | 1,033 | 166,885 |

Nótaí
[a] Cuireadh luachálacha i gcrích ar gach réadmhaoin faoinár n-úinéireacht i rith na bliana.
[b] Is ionann sócmhainní atá á bhforbairt agus sócmhainní don tSeirbhís Pas agus Ireland House atá á fhorbairt i dTóiceo faoi láthair. Léirítear leis na sócmhainní sin tionscadail nach raibh tugtha chun críche ag an 31 Nollaig 2021.
[c] Taifeadadh sócmhainn a raibh caiteachas €47,000 i gceist léi i sócmhainní atá á bhforbairt in 2020. Meastar nach sócmhainn a bheidh faoi úinéireacht na Roinne Gnóthaí Eachtracha an tsócmhainn sin atá á forbairt agus, dá bhrí sin, baineadh de shócmhainní atá á bhforbairt í in 2021.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta | (26,238) | (21,246) |
| Iarmhéideanna an chuntais bainc tráchtála | 6,345 | 5,149 |
| Iarmhéideanna bainc agus airgid thirim na misean | 18,165 | 12,301 |
| | **(1,728)** | **(3,796)** |

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Leabhair phas agus cártaí pas | 11,059 | 11,163 |
| Stoic phrótacail | 18 | 49 |
| Stáiseanóireacht | 15 | 38 |
| Postas réamhíoctha | 5 | 5 |
| Ábhair inchaite TF | 43 | 44 |
| | **11,140** | **11,299** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Cíosanna misin | 1,671 | 1,948 |
| Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 3,384 | 9,208 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 2,862 | 3,932 |
| | **7,917** | **15,088** |

## 2.5 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Fabhruithe riaracháin | 1,801 | 1,025 |
| Fabhruithe clár | 789 | 845 |
| Fabhruithe taistil agus cothaithe | 83 | 25 |
| | **2,673** | **1,895** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Cuntais roinne agus ghníomhaireachta | 5,419 | 5,271 |
| Cuntais óinchiste agus cuntais fionraí phearsanta | 1,081 | 1,120 |
| Cuntais airleacan tuarastail | 5 | 1 |
| Aisdúichiú [a] | 135 | 626 |
| Cuntais rialaithe párolla | 317 | 324 |
| Féichiúnaithe consail oinigh | 47 | 97 |
| Iarmhéideanna eile | 9 | 6 |
| | **7,013** | **7,445** |

Nóta [a] Caitheadh €1,566,017 ar chostais éigeandála aisdúichithe de bharr phaindéim Covid-19 in 2020 agus in 2021. Aisghabhadh €1,055,061 go dtí seo (lena n-áirítear €435,883 ó AE). Gearradh €40,563 ar chlár A.3 in 2021 (2020: €347,072).

## 2.7 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 1,284 | 1,119 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 941 | 773 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 261 | 231 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 9 | 7 |
| Cáin bhreisluacha | 17 | 70 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 225 | 140 |
| | 2,737 | 2,340 |
| Ilchreidiúnaithe [a] | 1,043 | 547 |
| | **3,780** | **2,887** |

Nóta [a] Áirítear ar ilchreidiúnaithe suim €913,988 atá dlite do chreidiúnaithe agus suimeanna fionraí (e.g., asbhaintí as tuarastail arna n-iarraidh) ar fiú €128,982 iad.

## 2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 21,579 | 8,812 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (20,074) | (8,050) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **1,505** | **762** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair eile | 7,013 | 7,445 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (1,728) | (3,796) |
| Dlite don Stát | (2,737) | (2,340) |
| Iarmhéideanna sochair eile | (1,043) | (547) |
| | (5,508) | (6,683) |
| | **1,505** | **762** |

## 2.9 Cuntas maoinithe stáit

| | **Nóta** | | **2021** | **2020** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 191,377 | 186,904 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 236,760 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (21,579) | | |
| Glanvóta | | | 215,181 | 216,632 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 24,500 | 24,902 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 3,209 | 3,200 |
| Míreanna neamhairgid - coigeartuithe i ndáil le sócmhainní caipitil | 2.1 | | 26,812 | 249 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (251,189) | (240,510) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **209,890** | **191,377** |

## 2.10 Ceangaltais

Áirítear sna ceangaltais suimeanna a bhféadfadh an Roinn a bheith freagrach astu de réir dlí in 2022 agus sna blianta dár gcionn faoi chonarthaí infhorfheidhmithe ceangailteacha.

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Mar seo a leanas a dhéantar anailís ar an tsuim: | | |
| Ceangaltais léasa [a] | 85,579 | 94,137 |
| Earraí agus seirbhísí a fháil | 14,710 | — |
| **Iomlán na gCeangaltas** | **100,289** | **94,137** |

Nóta [a] Déantar ceangaltais léasa i ndáil le maoin a fhritháireamh i leith réamhíocaíochtaí. B'ionann cíosanna réamhíoctha agus €1.671 milliún (2020: €1.948 milliún) - Nóta 2.4. Léirítear sna ceangaltais léasa ag an 31 Nollaig 2021 iomlán na gceangaltas amach seo faoi chomhaontuithe léasa atá ceangailteach de réir dlí.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána an chláir a chur i láthair.

| | | | **2021** | **2020** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 114,443 | 109,160 | 104,510 |
| ii | Taisteal agus cothú | 6,944 | 4,716 | 3,619 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 6,448 | 3,851 | 5,062 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 6,986 | 4,797 | 4,916 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 26,218 | 26,327 | 20,629 |
| vi | Costais áitribh oifige | 32,819 | 31,953 | 35,744 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 100 | 79 | 130 |
| viii | Tacaí i ndáil le postú | 13,597 | 13,310 | 12,011 |
| | | **207,555** | **194,193** | **186,621** |

### Difríochtaí suntasacha

Cuirtear i láthair sa nóta seo a leanas anailís ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin an Vóta (+/- 25% agus €100,000). Rinneadh an caiteachas riaracháin a chionroinnt ar na cláir, chun costais iomlána an chláir a chur i láthair.

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €6.944 milliún; toradh €4.716 milliún*

Bhain an ganncaitheamh €2.228 milliún ar chaiteachas taistil le taisteal a bheith i bhfad níos ísle ná mar a bhí beartaithe de bharr thionchar shrianta taistil Covid-19.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €6.448 milliún; toradh €3.851 milliún*

Bhain an ganncaitheamh €2.597 milliún ar chaiteachas oiliúna agus forbartha agus ar speansais theagmhasacha le laghdú ginearálta i ngníomhaíocht oibriúcháin ar fud na ceanncheathrún agus misean mar thoradh ar shrianta oibriúcháin de bharr phaindéim Covid-19.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin €6.986 milliún; toradh €4.797 milliún*

Ba mar thoradh ar laghdú ar na costais phostais a bhain leis an laghdú ollmhór ar líon na n-iarratas ar phasanna sa chéad leath den bhliain, de bharr phaindéim Covid-19, a bhí gannchaitheamh €2.189 milliún ann.

## Clár A Ár nDaoine

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | 30,265 | 28,868 | 27,685 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 38,668 | 36,076 | 32,860 |
| A.3 | Coimisiún Fulbright | 404 | 404 | 404 |
| A.4 | Cúnamh éigeandála consalachta | 79 | 53 | 355 |
| A.5 | Tacaíocht do sheirbhísí eisimirceach Éireannach | 12,595 | 12,912 | 12,538 |
| A.6 | Comhar Thuaidh/Theas agus Angla-Éireannach | 5,045 | 4,895 | 3,673 |
| A.7 | An Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn | 2,650 | 2,650 | 2,650 |
| A.8 | Gnóthaí diaspóra | 1,100 | 704 | 591 |
| | | **90,806** | **86,562** | **80,756** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €4.244 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tá míniú tugtha cheana féin ar an difríocht €3.989 milliún i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla an chuid eile den difríocht:

**A.8 Gnóthaí diaspóra**

*Soláthar meastacháin €1.1 milliún; toradh €704,000*

D'eascair an gannchaitheamh €396,000 as laghdú ar ghníomhaíocht a tharla mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

## Clár B Ár nIonad san Eoraip

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | 26,152 | 24,945 | 24,016 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 7,034 | 5,892 | 4,803 |
| B.3 | Gníomhartha de bhun Theideal V de Chonradh an Aontais Eorpaigh | 418 | 284 | 366 |
| B.4 | Rannpháirtíocht AE | 965 | 1,014 | 910 |
| B.5 | Pearsanra na hÉireann in institiúidí AE agus in institiúidí idirnáisiúnta | 2,000 | 2,295 | 2,106 |
| | | **36,569** | **34,430** | **32,201** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €2.139 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tá míniú tugtha cheana féin ar an difríocht €2.349 milliún i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla an chuid eile den difríocht:

**B.3 Gníomhartha de bhun Theideal V de Chonradh an Aontais Eorpaigh**

*Soláthar meastacháin €418,000; toradh €284,000*

D'eascair an gannchaitheamh €134,000 as laghdú ar ghníomhaíocht a tharla mar thoradh ar phaindéim Covid- 19.

**B.5 Pearsanra na hÉireann in institiúidí AE agus in institiúidí idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €2 mhilliún; toradh €2.295 milliún*

Ba mar thoradh ar éilimh i leith costais bhreise ó ranna eile a cuireadh isteach agus a íocadh le linn na bliana 2021 a bhí caiteachas breise €295,000 i gceist.

## Clár C Ár Luachanna

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | 14,235 | 13,578 | 12,992 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | 7,311 | 6,124 | 5,411 |
| C.3 | Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 34,803 | 35,226 | 37,885 |
| | | **56,349** | **54,928** | **56,288** |

## Clár D - Ár Rathúnas

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | 23,070 | 22,005 | 21,105 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | 8,638 | 7,236 | 10,387 |
| D.3 | Éire a Chur Chun Cinn | 9,116 | 6,404 | 2,435 |
| D.4 | Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta | 3,229 | 3,454 | 3,324 |
| | | **44,053** | **39,099** | **37,251** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár D €4.954 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tá míniú tugtha cheana féin ar an difríocht €2.467 milliún i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla an chuid eile den difríocht:

**D.3 Éire a Chur Chun Cinn**

*Soláthar meastacháin €9.116 milliún; toradh €6.404 milliún*

Ba mar thoradh ar an laghdú suntasach i ngníomhaíocht cur chun cinn le linn na bliana 2021 mar thoradh ar shrianta oibriúcháin de bharr phaindéim Covid-19 a bhí gannchaitheamh €2.712 milliún i gceist.

**D.4 Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €3.229 milliún; toradh €3.454 milliún*

Ba mar thoradh ar ranníocaíochtaí éigeantacha le ECFE a bheith níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis a bhí róchaitheamh €225,000 ann.

## Clár E Ár dTionchar

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| E.1 | Riarachán - pá | 20,721 | 19,764 | 18,712 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | 31,461 | 29,704 | 28,650 |
| E.3 | Seirbhísí eolais | 1,502 | 1,863 | 1,038 |
| | | **53,684** | **51,331** | **48,400** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár E €2.353 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Tá míniú tugtha cheana féin ar an difríocht €2.714 milliún i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla an chuid eile den difríocht:

**E.3 Seirbhísí eolais**

*Soláthar meastacháin €1.502 milliún; toradh €1.863 milliún*

Tháinig an róchaitheamh €361,000 chun cinn mar thoradh ar cheanglas chun feachtas leanúnach eolais a chistiú maidir le srianta taistil Covid-19 atá ag athrú agus maidir le hathruithe gaolmhara.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile | 41,770 | 46,857 | 34,067 |
| 2 | Aisíocaíochtaí ar airleacain aisdúichithe agus chothabhála | 30 | — | 1 |
| 3 | Aisíocaíochtaí CBL le misin taidhleoireachta | — | 1,287 | 1,266 |
| 4 | Ilghnéitheach | 500 | 678 | 707 |
| 5 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 2,401 | 2,347 | 2,223 |
| | **Iomlán** | **44,701** | **51,169** | **38,264** |

**Difríochtaí suntasacha**

Leagtar amach anseo a leanas na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €6.468 milliún níos mó ná an meastachán. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

**1 Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile**

*Measta €41.77 milliún; réadaithe €46.857 milliún*

Bhí ioncam €5.087 milliún níos mó ná mar a réamh-mheasadh de bharr neart iarratas ar phas a fháil sa dara leath den bhliain de réir mar a tháinig méadú ar líon na ndaoine a bhí ag taisteal de bharr maolú ar shrianta taistil Covid-19.

**3 Aisíocaíochtaí CBL le misin taidhleoireachta**

*Measta €nialas; réadaithe €1.287 milliún*

Ba mar thoradh ar an aisíocaíocht CBL agus aisíocaíochtaí ar cháin díolachán ó rialtais eachtracha le misin thar lear a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis a tháinig ioncam €1.287 milliún chun cinn. Tá sé deacair leibhéal na bhfáltas sin in aon bhliain amháin a thuar le cinnteacht.

**4 Ilghnéitheach**

*Measta €500,000; réadaithe €678,000*

Tháinig ioncam €178,000 chun cinn. Baineann sé sin le raon fáltas a fuair an Roinn, lena n-áirítear aisíocaíocht éarlaisí urrúis ar mhaoine ar cíos, aisíocaíochtaí ar ró-íocaíochtaí párolla, aisíocaíochtaí ó ranna/oifigí Rialtais agus míreanna ilghnéitheacha eile. Tá sé deacair leibhéal na bhfáltas sin in aon bhliain amháin a thuar le cinnteacht.

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 2,059 | 1,816 |

### 5.2 Pá

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 97,656 | 93,924 |
| Iomarcaíocht agus scaoilíocaíocht | — | 166 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 196 | 149 |
| Liúntais eile | 268 | 205 |
| Ragobair | 1,179 | 540 |
| ÁSPC an fhostóra | 6,066 | 5,801 |
| Leas sóisialach/árachas sláinte eachtrach (misin) | 3,795 | 3,725 |
| **Pá iomlán** | **109,160** | **104,510** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2021 | 2020 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 31 | 6 | 22,002 | 20,100 |
| Liúntais eile | 113 | 1 | 14,218 | 6,776 |
| Ragobair | 304 | 33 | 46,513 | 31,033 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 59 | 25 | 49,189 | 33,355 |

### 5.4 Socruithe eile luach saothair

Íocadh íocaíochtaí arbh fhiú €67,133 (2020: €12,455) san iomlán iad le deichniúr (2020: triúr) státseirbhíseach a bhí ar scor agus a coinníodh ar shaintascanna.

### 5.5 Ró-íocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 63 | 118,666 | 152,447 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 20 | 62,239 | 100,527 |

Rinneadh cúig phlean aisghabhála ró-íocaíochtaí i ndáil le cúigear, arbh ionann a luach agus €5,271, a aistriú chuig cúig chomhlacht eile rialtais le linn na bliana.

### 5.6 Scaoilíocaíochtaí

Níor íocadh aon scaoilíochtaí in 2021.

### 5.7 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, is ag grád an Ard-Rúnaí - Leibhéal II atá tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta, agus an t-olltuarastal bliantúil cothrom le €203,167 (amhail an 31 Nollaig 2020, €201,155).

## Aguisín A Cuntais Comhlachtaí agus Cistí faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Eachtracha

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2022, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ciste roinne | Tréimhse dheireanach cuntasaíochta | Dáta na tuarascála iniúchta | Dáta a fuair an Roinn í | Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---:|---:|---:|---:|
| Coimisiún na hÉireann-na Stát Aontaithe um Malartú Oideachasúil (Coimisiún Fulbright) [a] | 1 Deireadh Fómhair 2020 - 30 Meán Fómhair 2021 | 8 Márta 2022 | 10 Márta 2022 | 28 Márta 2022 |

Nóta [a] Cuireann an Roinn deontas bliantúil ar fáil do Choimisiún Fulbright, atá á mhaoiniú ag Rialtais na hÉireann agus Rialtas na Stát Aontaithe i gcomhar lena chéile agus a thacaíonn le staidéar, taighde, múineadh agus gníomhaíochtaí oideachais eile idir Éirinn agus na Stáit Aontaithe. Faigheann an Coimisiún maoiniú bliantúil ón Roinn agus maoiniú breise ó fhoinsí eile.